Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

13738/25
ADD 1

ENV 983
AGRI 478

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 8 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D109481/01 - Annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Treoir ón gCoimisiún<br>lena leasaítear Treoir 91/676/CEE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le húsáid ábhar leasacháin áirithe ó aoileach beostoic |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D109481/01 - Annex.

---

Faoi iamh: D109481/01 - Annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
D109481/01
[…](2025) XXX draft

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Treoir ón gCoimisiún**

**lena leasaítear Treoir 91/676/CEE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le húsáid ábhar leasacháin áirithe ó aoileach beostoic**

## IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 91/676/CEE, i bpointe 2, an dara fomhír, cuirtear isteach pointe (c) seo a leanas:

‘(c) Féadfaidh na Ballstáit, os cionn an mhéid 170 kg de nítrigin in aghaidh an heicteáir in aghaidh na bliana mar a leagtar amach san fhomhír seo agus suas le teorainn bhreise ar leithligh de 80 kg de nítrigin in aghaidh an heicteáir in aghaidh na bliana, úsáid ábhar leasacháin áirithe ó aoileach beostoic a ndearnadh próiseáil orthu a údarú, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:

(i) cuireadh an chomhpháirt aoiligh beostoic den ábhar leasacháin faoi phróiseas cóireála a mhéadaíonn an tiúchan nítrigine i bhfoirm mhianrach, nítrigine úiré nó nítrigine atá faoi cheangal criostail, arna shloinneadh mar chéatadán de réir mheáchan na nítrigine iomláine i gcomparáid leis an ionchur sa phróiseas cóireála, a mbeadh aon cheann de na nithe seo a leanas mar thoradh air sin:

(1) salann amóiniam (salann sciúrtha), a eascraíonn as íonú gáis nó as próiseas rialaithe astaíochta atá deartha chun amóinia a bhaint as easgháis;

(2) tiúchán mianrach a fhaightear trí chúlosmóis;

(3) salann fosfáite atá lán le nítrigin (strúivít), arna dheascadh ó aoileach beostoic;

(ii) tá na hábhair leasacháin ar cháilíocht chomhsheasmhach ar fud baisceanna agus tá cóimheas 90 % ar a laghad idir nítrigin mhianrach agus nítrigin iomlán nó tá cóimheas nach mó ná 3 idir carbón atá ceangailte go horgánach agus nítrigin iomlán, agus sa dá chás, déantar ceartú le haghaidh aon nítrigine a dhíorthaítear ó ábhair chomhpháirteacha nach de thionscnamh aoiligh iad agus ina bhfuil níos mó ná 3 % nítrigin ar bhonn ábhar tirim;

(iii) ní sháraíonn na hábhair leasacháin na huasteorainneacha seo a leanas:

– copar (Cu): 300 mg kg-1 d’ábhar tirim;

– sinc (Zn): 800 mg kg-1 d’ábhar tirim.

(iv) ní sháraíonn pataiginí sna hábhair leasacháin ina bhfuil níos mó ná 1 % carbón orgánach na huasteorainneacha seo a leanas:

| Na miocrorgánaigh atá le tástáil | Pleananna samplála | | | Teorainn |
|---|---|---|---|---|
| | n | c | m | M |
| Salmonella spp. | 5 | 0 | 0 | Gan bheith ann in 25 g nó 25 ml |
| Escherichia coli nó enterococci | 5 | 5 | 0 | 1 000 in 1 g nó 1 ml |

I gcás inarb amhlaidh an méid seo a leanas:

n =líon na samplaí atá le tástáil,
c =líon na samplaí ina bhfuil líon na mbaictéar arna shloinneadh in aonaid déanta coilíneachta (CFU) idir m agus M,
m =luach tairsí le haghaidh líon na mbaictéar arna shloinneadh in CFU a mheastar a bheith sásúil,
M=uasluach líon na mbaictéar arna shloinneadh in CFU.

(v) cuireann na Ballstáit dianchaighdeáin cháilíochta chun feidhme chun cion comhsheasmhach cothaitheach in ábhair leasacháin a áirithiú ar fud baisceanna táirgthe i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i bpointe (ii);

(vi) áirithíonn na Ballstáit go ngabhfaidh doiciméadacht ina bhfuil faisnéis maidir leis an gcion nítrigine (N) agus fosfáití ($P_2O_5$) leis an ábhar leasacháin i gcás ina sáróidh aon cheann de na heilimintí sin 1 % ábhair thirim, lena bhfuil diall uasta 25 % ón luach a dearbhaíodh;

(vii) áirithíonn na Ballstáit nach dtiocfaidh méadú ar líon beostoic ná táirgeadh aoiligh mar thoradh ar chur i bhfeidhm an phointe seo, (i) ar an leibhéal náisiúnta i gcás ina sáróidh an cion nítrigine sa táirgeadh náisiúnta bliantúil iomlán aoiligh in aghaidh an heicteáir den limistéar talmhaíochta a úsáidtear 75 % den teorainn 170 kg N in aghaidh an heicteáir a leagtar amach san fhomhír seo, agus (ii) ar leibhéal na n-aonad críochach NUTS 2 i gcás ina dtabharfar an t-údarú, nuair a sháróidh an cion nítrigine sa táirgeadh bliantúil iomlán aoiligh in aghaidh an heicteáir den limistéar talmhaíochta a úsáidtear 75 % den teorainn 170 kg N in aghaidh an heicteáir a leagtar amach san fhomhír seo;

(viii) déanann na Ballstáit na teorainneacha ar úsáid leasachán ar an talamh (rátaí leasacháin), a leagtar amach i bpointe 1, mír 3, den Iarscríbhinn seo, níos doichte chun na rioscaí méadaithe a chur san áireamh go gcaillfear nítrigin in uisce agus san aer mar thoradh ar úsáid ábhar leasacháin a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (i) go (iv) den phointe seo, agus comhéifeacht choibhéise leasacháin mhianraigh 1 á cur i bhfeidhm i gcás na n-ábhar den sórt sin. Áirithíonn na Ballstáit a mhéid is féidir go gcothófar brat plandaí beo nó bearta coibhéiseacha ar an talamh ar a úsáidtear ábhair leasacháin a chomhlíonann na coinníollacha i bpointí (i) go (iv) den phointe seo; Áirithíonn na Ballstáit, i gcás inarb ábhartha chun caillteanas amóinia ó ithreacha talmhaíochta a sheachaint, go ndéanfar réamhchúraimí iomchuí agus ábhair leasacháin a chomhlíonann na coinníollacha i bpointí (i) go (iv) den phointe seo á n-úsáid ar talamh, go háirithe trí instealladh, trí ábhar a leatar ar an dromchla a ionchorprú láithreach, nó trí bhearta comhchosúla;

(ix) déanann na Ballstáit bearta chun astaíochtaí a chosc a mhéid is féidir, lena n-áirítear astaíochtaí isteach san aer, a bhíonn mar thoradh ar ábhair leasacháin a chomhlíonann na coinníollacha i bpointí (i) go (iv) den phointe seo a stóráil trí choinníollacha agus ceanglais stórála le haghaidh na n-ábhar sin a shainiú;

(x) déanann na Ballstáit na bearta uile is gá chun a áirithiú nach ndéanfaidh úsáid ábhar leasacháin a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (i) go (iv) den phointe seo dochar do chuspóirí na Treorach seo, Threoir 92/43/CEE ón gComhairle[1] agus Threoracha 2000/60/CE[2], 2016/2284[3], 2020/2184[4] agus

1 Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj).

2 Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat i gcomhair gníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2000/60/oj).

3 Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú, lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-

2008/50/CE[5] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bhaint amach a mhéid atá na bearta an chláir gníomhaíochta ábhartha do na Treoracha sin. Déanann na Ballstáit bearta chun éifeachtaí díobhálacha i limistéir Natura 2000 agus timpeall orthu a chosc, agus i gcomharsanacht pointí astarraingthe uisce óil, i gcomhréir le Treoir 92/43/CEE ón gComhairle agus Treoir 2020/2184, faoi seach.

I gcás ina gcuirfidh Ballstáit an pointe sin den dara fomhír i bhfeidhm, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi. Ina theannta sin, tuairisceoidh siad, mar chuid den tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 10, ar chur i bhfeidhm an phointe sin, lena n-áirítear sonraí bliantúla maidir leis an méid ábhar a táirgeadh a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (i) go (iv) den phointe sin agus maidir le dlús beostoic agus táirgeadh aoiligh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal na n-aonad críochach NUTS 2 mar a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].'

aisghairtear Treoir 2001/81/CE (IO L 344, 17.12.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/2284/oj).

4 Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le cáilíocht an uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine (IO L 435, 23.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2020/2184/oj).

5 Treoir AE maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh mar a leasaíodh in 2024. Treoir 2008/50/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2008 maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip (IO L 152, 11.6.2008, lgh. 1–44).

6 Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche ar mhaithe le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1059/oj).